AN GARDA SÍOCHÁNA

# PLEAN PÓILÍNEACHTA NA ROINNE RCBÁC THIAR

## 2024










Ag Coinneáil Daoine Sábháilte

**Keeping People Safe**

## Brollach le hOifigeach na Roinne

Tá áthas orm Plean Póilíneachta 2024 do Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Roinn Thiar, a chur i láthair. Tá an plean seo dírithe ar na Crainn Taca Straitéiseacha seo a leanas:

- An Pobal;
- An Choireacht a chosc agus an Phóilíneacht Choisctheach;
- Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha;
- Slándáil an Stáit a chosaint;
- agus an tAthrú Inbhuanaithe agus Nuálaíocht.

I bPlean Póilíneachta 2024 breithnítear na dúshláin phóilíneachta éagsúla nach féidir a thuar go minic, a bhaineann le Roinn RCBÁC Thiar. Tá ár n-éiteas póilíneachta pobail, ár luachanna seirbhíse poiblí agus ár dtiomantas do sheirbhís i gcroílár gach a ndéanaimid. Á mheabhrú sin, leanfaimid de bheith ag plé le grúpaí éagsúlachta agus den chuimsiú sóisialta a chothú. Leanfaimid de bheith ag plé leis an aos óg, lenár gcomhpháirtithe, agus le ceannairí in ár bpobal. Leanfaimid de thacaíocht a thairiscint d'íospartaigh agus Cearta Daonna gach duine á urramú againn.

Mar Roinn, tá athruithe suntasacha feicthe againn le linn 2023, le tabhairt isteach na gcóras uainchláir go rathúil, tabhairt isteach leanúnach Shamhail Oibriúcháin nua an Gharda Síochána, agus leis na córais chomhdúcháin dhigiteacha atá ar na bacáin. Cuirfear suntas i dtionchar an athraithe agus sna dúshláin a bhíonn le sárú ag baill ár nGardaí ar bhonn laethúil. Leanfaidh mé de bheith ag féachaint le deiseanna oiliúna agus forbartha a mhéadú. Cinnteoidh mé go mbeidh sláine agus folláine an phearsanra ar fad ríthábhachtach agus cinnteoidh mé go gcuirfear tacaíochtaí cuí ar fáil chun cabhrú leo ina gcuid oibre.

Táim tiomanta do sheirbhís leanúnach ghairmiúil, thiomanta agus ómósach a dheimhniú do na daoine agus na pobail dá bhfónaimid.

**Michael McNulty**
**Ard-Cheannfort**

## Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

| Ceannfoirt, agus teagmháil oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| Emer Curran Dúiche Ceannfort K | Baile Bhlainséir | 24 Uair | 01-6667000 |
| | Fionnghlas | 24 Uair | 01-6667500 |
| | An Chabrach | 7am – 9pm Luan – Domhnach | 01-6667400 |
| Keith Halley Ceannfort Dúiche L | Cluain Dolcáin | 24 Uair | 01-6667600 |
| | Baile Formaid | 24 Uair | 01-6667200 |
| | Ráth Cúil | 9am-4pm Luan-Aoine | 01-6667900 |
| Paul Dolan Ceannfort Dúiche Q | Leamhcán | 24 Uair | 01-6667300 |
| | Baile Rónáin | 24 Uair | 01-6667700 |
| Is féidir na **hoifigigh éagsúlachta** na Roinne a fháil anseo ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána. | | | |
| Is féidir oifigigh **Choiscithe Coireachta** na Roinne a fháil anseo ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána. | | | |
| Is féidir cigirí **imeaglaithe a bhaineann le drugaí** na Roinne a fháil anseo ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána. | | | |

# 1. Pobal

Leanúint de na naisc le pobail a neartú, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an dochar a dhéanann drugaí dó | Méadú ar an leibhéal muiníne atá ag daoine sa Gharda Síochána trí chomhpháirtíocht agus plé laistigh dá Limistéar Póilíneachta Pobail.<br><br>Tacaíochtaí a thugtar do dhaoine atá ag fulaingt mar gheall ar an imeaglú a bhaineann le drugaí. Tuilleadh plé le geallsealbhóirí pobail i leith oideachais, feasachta agus tacaíochtaí. |
| 1.2 Plé a dhéanamh le gach pobal chun seirbhís póilíneachta a sholáthar atá tuisceanach agus sofhreagrach do riachtanais éagsúla na sochaí | Plé le leanaí agus daoine óga sa phobal.<br><br>Plé oscailte a chur chun cinn le grúpaí éagsúla agus leochaileacha chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní trí phlé rialta.<br><br>Tacú leis an obair a dhéanaimid trí úsáid a bhaint as oiliúint a bhaineann le feasacht ar an éagsúlacht agus as comhairle faoi chosc na coireachta atá sainoiriúnaithe do riachtanais an phobail agus lucht gnó. |

## 1. An Obair Rialta a Dhéanaimid leis an bPobal

| Obair | Modh | Obair | Modh |
|---|---|---|---|
| Ag obair leis an bPobal áitiúil agus lenár nGeallsealbhóirí. Leanúint dár bplé trí chruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta. |  | Leanúint de bheith ag tacú le híospartaigh uile na coireachta. Plé oscailte le grúpaí éagsúla agus leochaileacha a chur chun cinn. |  |
| Díriú ar iompraíocht fhrithshóisialta |  | Ár gcainteanna oideachais le leanaí i Meánscoileanna/le grúpaí óige a sheachadadh. |  |
| Oiliúint a bhaineann le Póilíneacht Pobail agus Cúltaca an Gharda Síochána a Úsáid |  | Plé le Grúpaí Óige agus leanúint dár gclár idirbhliana |  |
| Tacú le mionlaigh Eitneacha, Grúpaí Éagsúlachta, agus éisteacht lena n-imní siúd. |  | Idirghabhálacha chun Daoine Aonair a Chosaint ó Imeaglú a Bhaineann le Drugaí |  |

# 2. An choireacht a chosc & An Phóilíneacht Choisctheach

Coireanna a Réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus treochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá á threorú ag faisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 2.1 Coireanna a aithint go réamhghníomhach, a dhíriú orthu agus a chur isteach orthu ag gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha coireanna nua agus cineálacha coireanna atá ag teacht chun cinn | Úsáid a bhaint as patróil ard-infheictheachta, oibríochtaí spriocdhírithe, comhairle faoi chosc na coireachta, agus laethanta gníomhaíochta chun eachtraí coireachta a laghdú ar fud na Roinne. |
| 2.2 Ár n-acmhainn agus ár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar choireanna a fheabhsú trí chomhordú, trí chomhoibriú agus trí chur chuige faisnéisbhunaithe | Leanadh den chumarsáid leis an bpobal chun feasacht a threisiú ar na cineálacha nua calaoise agus calaoise atá ag teacht chun cinn chun leibhéil na cibearchoireachta a laghdú.<br><br>Rinneadh pl é leis an bpobal áitiúil chun tacaíochtaí a thairiscint maidir le calaois agus cibearchoireacht.<br><br>Cuireadh comhairle i dtaobh chosc na coireachta ar fáil maidir le calaois agus cibearchoireacht.<br><br>Úsáideadh faisnéis chun díriú ar ghníomhaíochtaí grúpaí coireachta eagraithe chun coireanna a bhaineann le grúpaí coireachta a laghdú. |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Patróil Ard-Fheiceálacha | |
| Feasacht a mhéadú sa phobal ar chalaois agus ar choireanna cibear-chumasaithe nua agus ar choireanna agus atá ag teacht chun cinn. | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Sásamh méadaithe leis an nGarda Síochána i measc an phobail | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Ár bpearsanra a thraenáil | |
| Plé lenár ngeallsealbhóirí | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Aiseolas dearfach ó gheallsealbhóirí agus ón bpobal | |

## 3. Íospartaigh & Daoine Soghonta

Dochar a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine soghonta a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 3.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun seirbhísí agus tacaíochtaí cuí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, agus béim ar leith a leagan ar choireacht bhaile, ghnéasach agus inscne | Tacaíocht agus rannpháirtíocht leanúnach i ndáil le hoiliúint i seirbhísí cosanta a chur ar ár mbaill.<br><br>Oibríochtaí spriocdhírithe chun muinín a mhéadú maidir le coireanna a thuairisciú, go háirithe coireanna baile, gnéis agus inscne.<br><br>Cuireadh comhairle faoi chosc na coireachta, oideachas, gníomhaíochtaí for-rochtana agus gníomhaíochtaí chun feasacht a chothú ar fáil.<br><br>Cuireadh teagmháil agus plé leanúnach ar fáil d'íospartaigh.<br><br>Leanadh de bheith ag plé le seirbhísí d'íospartaigh agus tacaíocht a thabhairt dóibh. |
| 3.2 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Tacú le hoibríochtaí póilíneachta bóithre réigiúnacha trí réimsí ardriosca a aithint agus díriú orthu le haghaidh laghdú feabhsaithe ar imbhuailtí tráchta ar bhóithre.<br><br>Sábháilteacht ar bhóithre feabhsaithe. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oifig um Sheirbhísí d'Íospartaigh |  |
| Sainoiliúint maidir le hÍospartaigh Leochaileacha |  |
| **Príomhtháscaire** | |
| Muinín íospartach as coireanna a thuairisciú | |
| Rátaí glao ar ais méadaithe | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oideachas um shábháilteacht ar bhóithre |  |
| Oibríochtaí Spriocdhírithe |  |
| **Príomhtháscaire** | |
| Laghdú ar líon na dtimpistí bóthair | |
| Rátaí sásaimh feabhsaithe i dtuarascálacha Suirbhé um Dhearcadh an Phobail | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus mhuintir an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí ar a leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| 4.1 Cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Forbartha um Sheirbhís Slándála chun cumas agus acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú | Comhoibriú leanúnach le hAonaid Slándála agus Faisnéise agus Náisiúnta, ag cinntiú Slándáil ár Stáit.<br><br>Cinntíodh slándáil na gcuairteoirí chuig na Roinne trí oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis. |
| 4.2 Slándáil an Stáit a chosaint trí oibríochtaí faisnéis-threoraithe ina n-oibritear i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta araon, agus ina sainaithnítear bagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus ina gcuirtear isteach orthu siúd | Rinne an Rannán cleachtaí Bainistíochta Móréigeandála de réir mar ba chuí agus d'fhan siad ullamh i gcás bagairte.<br><br>Leanadh lenár gcaidreamh le gníomhaireachtaí inmheánacha maidir le faisnéis a chothabháil.<br><br>D'fhreagair go héifeachtach don fhaisnéis |

## 5. Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht

Cultúr d'fheabhsú leanúnach a spreagadh agus a chothú, a chuireann le nuálaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| 5.1 Na struchtúir is gá a dhaingniú chun cumas agus acmhainn ár n-eagraíochta chun athrú a fheabhsú, agus chun tacú le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh | Baineadh leas as ár líonra Seaimpíní um Chearta an Duine chun tacú leis an Rannán agus muid ag tabhairt faoin athrú dearfach.<br><br>Tacaíodh le deiseanna oiliúna dár mbaill.<br><br>Leanadh ag cur le cumarsáid agus ag tacú lenár bpobail éagsúla.<br><br>Rannpháirteach i gcur i bhfeidhm córais agus struchtúir éagsúla chun maoirseacht, riarachán agus comhoibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus grúpaí pobail a fheabhsú. |
| 5.2 An inbhuanaitheacht a chumasú, a fhorbairt agus a thacú ar fud an Gharda Síochána tríd an Treochlár um an nGhníomhú ar son na hAeráide, 2023-2030 a chur i bhfeidhm | Tacaíodh le hinbhuanaitheacht comhshaoil trí fheithiclí leictreacha a sholáthar ar bhonn leanúnach.<br><br>Córais arna n-aithint chun ár rannchuidiú le Treochlár Gníomhaíochta Aeráide an Gharda Síochána a fheabhsú agus a chur chun cinn tuilleadh. |

## Cumasóir 1: Daoine & Cuspóir

Is mór ag an nGarda Síochána gur eagraíocht í atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E1.1 Feabhas a chur ar ár gcumas tacaíochtaí cuí Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, lena gcuirfear ar chumas ár bpearsanra rath a bhaint amach ina ról | Sainaithníodh riachtanais oiliúna ár bpearsanra agus fuaireamar an oiliúint seo chun leanúnachas seirbhís ardchaighdeáin don phobal a chinntiú. |
| E1.2 Tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra trínár Straitéis um Shláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm | Soláthraíomar tacaíocht dár bpearsanra trí líonraí tacaíochta cuí, Tacaíocht Piaraí, Seirbhís Cúnaimh Fostaithe agus Comhairleoireacht a sholáthar. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha a fhorghníomhú agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E2.1 Obair le comhpháirtithe chun cur chuige ildisciplíneach agus 'seirbhís iomlán' a fheabhsú d'fhonn daoine a choinneáil sábháilte | Forbairt agus feabhsú leanúnach ar ár gcomhoibriú le páirtithe leasmhara pobail chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áitiúla agus iad a réiteach. |
| E2.2 Deiseanna a iniúchadh, a fhorbairt agus a thapú chun comhoibriú trasna earnálacha ar mhaithe lenár gcur chuige bunaithe ar fhianaise i leith na seirbhíse a neartú | Lorgaíodh deiseanna chun comhoibriú le hinstitiúidí agus le ceannairí pobail chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhá-bhealach a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú tríd an gcumarsáid oscailte spriocdhírithe | Leanúint de bheith ag tógáil caidrimh lenár bpáirtithe leasmhara trí rannpháirtíocht oscailte, CCP agus cruinnithe pobail áitiúla. |
| E3.2 Freagra a thabhairt ar an méid a bheidh arna fhoghlaim in Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána | Cinntíodh go dtugtar tacaíocht do phearsanra an Gharda ina róil agus iad ag tógáil tiomantas i seirbhís don phobal. |

## Cumasóir 4: Cumasú & Muinín

Cultúr cumhachtaithe agus muiníne a chothú, fréamhaithe san ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E4.1 An t-iompar gairmiúil agus an t-iompar eiticiúil sa Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú | Cinntíodh go ndéanaimid infheistíocht inár ndaoine chun an oiliúint agus na huirlisí riachtanacha a fháil d'fhonn an leibhéal seirbhíse is airde a bhfuiltear ag súil leis a sholáthar dár bpobail. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochtúil an Gharda Síochána a rolladh amach | Críochnaíodh rolladh amach na Samhla Oibriúcháin chun gach próiseas a lárú le haghaidh maoirseachta agus cuntasachta feabhsaithe. |

## Cumasóir 5: An Póilíniú Faisnéis-Láraithe

Seirbhís a chothú atá faisnéis-treoraithe, ag úsáid sonraí agus teicneolaíochta chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E5.1 Ár bhFís i leith Sonraí agus Teicneolaíocht a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm an Treochláir TFC, 2024 | Glacadh le feidhmchláir nua a thabhairt isteach lena ndeimhneofar go gcuirfear sonraí in iúl agus go n-úsáidtear iad go héifeachtach. |
| E5.2 Cáilíocht fheabhsaithe sonraí a ghiaráil chun úsáid na sócmhainní sonraí sa phóilíniú oibriúcháin a leathnú de réir a chéile | Tionscnaimh eagraíochtúla curtha i bhfeidhm chun comhsheasmhacht, cáilíocht agus muinín i sonraí taifeadta a fheabhsú. |

## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| Cineál Tacaíocht a | Ainm | Suíomh Gréasáin | Ríomhphost | Teileafón |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht d'Íospartaigh | Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta | www.crimevictimshelpline.ie | info@crimevictimshelpline.ie | 116006<br>1850 211407 |
| | AdVIC (Abhcóideacht d'Íospartaigh na Dúnbhásaithe) | www.advic.ie | info@advic.ie | 086 1272156 |
| | Cúnamh d'Fhir | www.mensaid.ie | hello@mensaid.ie | 046 9023718<br>01 5543811 |
| | Barnardos | www.barnardos.ie | info@barnardos.ie | 1850 222300<br>01 4530355 |
| | CARI | www.cari.ie | helpline@cari.ie | 1890 924567<br>01 8308529 |
| | Ionad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath | www.drcc.ie | | 1800 77 88 88<br>01 6614911 |
| | Federation for Victim Assistance | www.victimassistanceireland.com | | 066 7119830 |
| | Seirbhís Cúnaimh na hÉireann do Thurasóirí (ITAS) | www.itas.ie | | 1890 365700<br>01 6610562 |
| | Seirbhís Tacaíochta um Dhaoine Ar Iarraidh in Éirinn | www.missingpersons.ie | | 1890 442 552 |
| | One in Four | www.oneinfour.ie | | 01 6624070 |
| | Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann (RCNI) | www.rcni.ie | | 1800 778888<br>091 563676 |
| | Support After Homicide | www.supportafterhomicide.ie | | 087 9837322 |
| | Tacaíocht d'Íospartaigh, Éire | | | 087 9837322 |
| | Líne Chabhrach Náisiúnta um Chúnamh na mBan | www.womensaid.ie | | 085 1893697 |

## Icon Bank

| Brí | Icon |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú duine-le-duine |
|  | Ar an bhfón |
|  | Trí Ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar Theilifís |
|  | Ar na meáin shóisialta |
|   | Feachtais sna Meáin Chumarsáide |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Leis na Gardaí, duine-le-duine |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | TCI |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |



AN GARDA SÍOCHÁNA